

Scéal, Scéal, Scéal...

Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharráige

Instagram: @pleanteangachoisfharraige
Twitter: @PleanTeangaCF
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharraige

18 MÁRTA 2021



FÍBÍN SA TÓIR AR LÉIRITHEOIR TEILIFÍSE SINSEARACH

Tá Léiritheoir Teilifíse Sinsearach á lorg ag **Fíbín**. Beidh an té a n-éireoidh leis ag obair leis an Léiritheoir Feidhmiúcháin. Ní mór taithí cúig bliana ar a laghad, ag léiriú cláracha teilifíse a bheith ag iarratasóirí agus is buntáiste mór é taithí ar chomhléiriúcháin náisiúnta/ idirnáisiúnta bheith ag an duine freisin. Caithfear suim a léiriú i léiriúchán don oíge agus tá scileanna pleanála agus cumarsáide thar a bheith tábhachtach. Le cur isteach ar an bpost, seol CV agus litir chumhdaigh chuig COO Bernadette Hoban: bernie@fíbinmedia.ie Glacfar le hiarratais go dtí an Aoine 9ú Aibreán.



TÚS MAITH...

Tá glaoc oscailte á dhéanamh ag **Udarás na Gaeltachta** ar dhaoine a bhfuil coincheap nó smaoinemh gnó acu páirt a ghlacadh i **gClár Forbartha Coincheap Gnó** nua atá fógartha acu, le forbairt gnóthaí nua Gaeltachta a ghríosú. Mar chuid den togra, tá saineolas agus comhairle den scoth ar fáil ó Dharach Ó Tuairisg, Stiúrthóir agus Bunaitheoir Meangadh Fíbin agus Dr. Kristel Miller, léachtóir sinsearach i mBainistíocht, Ceannaireacht agus Margaíocht in Ollscoil Uladh. Is féidir clárú don chlár seo, saor in aisce, ar líne ag www.udaras.ie

Tús Maith...
Leathnaíonn
Forbairt do choincheap gnó leis
Dúal do gairt nuair a chomraíonn le fáil

Dr. Kristel Miller,
Léachtóir Sinsearach sa Rannóg Bainistíochta, Ceannaireacht & Margaíochta - Ollscoil Uladh

Darach Ó Tuairisg,
Stiúrthóir agus bunaitheoir Meangadh Fíbin Teo

AN GHAELTACHT FAOI BHLÁTH

Beidh **An Ghaeltacht faoi Bhláth** á óstáil ag Oifigeach Pleanála Teanga na Rosann ar an Máirt 23ú Márta @ 7:30i.n. ar Zoom. Brian Ó Dónaill a bheas i mbun cainte agus bleibíní sa ngarraí a bheas á bplé aige. Roinnfidh sé a chuid saineolais, nodanna agus dea-chomhairle maidir le bleibíní. Beidh deis ag an lucht éisteachta ceisteanna a chur chomh maith. Le freastal ar an ócáid ní mór teagmháil a dhéanamh le optchoisfharraige@gmail.com roimh mheánlae ar an Luan 22ú. Seolfar an nasc chugat ar an lá. Beidh duais le buachan ar an oíche freisin. Beidh cainteoirí éagsúla ag glacadh páirte sa tsraith sheachtainiúil seo as seo agus lár mhí Bealtaine.



AN GHAELTACHT FAOI BHLÁTH
Sraith cainteanna ar líne faoi ghraicléidíocht agus an dáiríre

CEARDLANN EOLAÍOCHTA

Tá Ceardlann Eolaíochta á óstáil ag **Tuismitheoirí na Gaeltachta** ar an Satharn 20ú Márta @ 12 meán lae. Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoin imeacht, chomh maith le d'áit a chur in áirithe tré theachtaireacht ríomhphoist a sheoladh chuig aisling@tuismitheoiri.ie Níl aon chostas i gceist ach caithfear clárú roimh ré. Gaeilge teanga na hócáide agus ní mór cloí leis seo.



IDIR SHÚGRADH 'S DÁIRÍRE

D'fhoilsigh scoláirí **Choláiste Chroí Mhuire Idir Shúgradh 's Dáiríre** le gairid. Podchraoladh é seo a dhéanann ceiliúradh ar an laoch liteartha áitiúil Máirtín Ó Cadhain, caoga bliain tar éis a bháis. Is féidir nasc don phodchraoladh a fháil ó chuntais FB: **Coláiste Chroí Mhuire**.



SRAITH LEABHRÁN Ó SICAP

Tá sraith leabhrán spésiúla foilsithe ag **Forbairt Tuaithe na Gaillimhe** ar raon ábhar: Tuismitheoireacht Aonair; Meabhairshláinte Dhearfach; Acmhainní Tuaithe chomh maith le Tacaíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas; Leideanna agus Comhairle maidir le Fostaíocht a lorg. Tá na leabhráin ar fad ar fáil ar líne, nó tríd an bpost ach teachtaireacht ríomhphoist a sheoladh chuig info@grd.ie.

CLUB LEABHAR CHOIS FHARRAIGE

Tiocfaidh **Club Leabhar Chois Fharráige** le chéile arís ar Zoom ar an gCéadaoin 7ú Aibreán @ 8i.n. le *Tinte na Fharráige Duibhe* le Tim Armstrong a phlé. Leabhar ficsean eolaíochta é seo a d'aistirgh Eoin P. Ó Murchú ó Ghaidhlig na hAlban go Gaeilge na hÉireann. Tá sé le fáil ó Leabhar Breac. Le páirt a ghlacadh sa bplé, déan teagmháil le clubleabhar cf@gmail.com agus seolfar an nasc chugat ar an lá.



'KAI AGUS LIAM AN LIOPARD' LE SCOIL SAILEARNA

Foilsíodh scéal le gasúir Rang a Dó, Scoil Sailearna le gairid a scríobhadh i gcomhar le **Fighting Words na Gaeilge**. Is féidir teacht ar *Kai agus Liam an Liopard* agus ar an líníocht álainn a théann leis ag www.fightingwords.ie. Comhghairdeachas libh!



Kai agus Liam an Liopard

TEACH NOEL BROWNE INA FHOIRGNEAMH COSANTA

Tá teach ceann tuí inar chónaigh Noel Browne, an polaiteoir clúiteach curtha le liosta na bhfoirgneamh cosanta. Tógadh an teach ar an gCloich Mhór, taobh thiar de Bhaile na hAbhann thart ar an mbliain 1800. Tá aghaidh an tí ar an bhfarráige agus ar Oileáin Árann. Tá breis is 3,000 foirgneamh i gcontae na Gaillimhe ar an liosta idir shéipéil, scoileanna, droichid, toibreacha, reiligi, túir, tithe agus caisleáin. Tá cuid mhaith de na séipéil i gConamara chomh maith le Teach Mór an Spidéil agus Túr Martello Ros an Mhíl san áireamh. Nuair a ainmnítear struchtúr ar an liosta, ní féidir aon dochar a dhéanamh dó agus is féidir faillí a chur i leith an úinéara mura dtugtar aire cheart don struchtúr cosanta. Is féidir an scéal iomlán a léamh ag www.tuairisc.ie

AIRNEÁN CHOIS FHARRAIGE DO SHEACHTAIN NA GAELIGE

Cé nach raibh ceoltóirí agus amhránaithe **Tí Pheadair Mhóir** in ann teacht le chéile fós i mbliana, tháinig siad le chéile go fíorúil óna gcuid tithe féin le ceolchoirm iontach a óstáil do Sheachtain na Gaeilge. Tá teacht ar an oíche árneáin anois ar an gcuntas YouTube: GERRY Tom: Airneán Chois Fharráige 2021. Tá meascán iontach de cheol agus amhráin, idir cheanna traidisiúnta agus nua-chumtha ó mhuintir Chois Fharráige le cloisteáil. Maith sibh a chairde!



Seachtain
na Gaeilge
Le enÉrgia

COMÓRTAS LÁ'L PÁDRAIG: CRUTHAITHEACHT SA GCISTEANACH

Tá comórtas á reáchtáil ag na hOifigigh Pleanála Teanga do Lá Fhéile Pádraig. Iarrtar ar theaghlaigh an cheantair brioscaí ime i gcruth seamróige, brat na hÉireann, hata Phádraig nó rud ar bith a mheabhraíonn Lá'l Pádraig dúinn a bhácaíl! Is féidir treoir a fháil ó fhíseán Dhiarmuid Uí Mhathúna ar an gcuntas Facebook: Pleanáil Teanga Chois Fharráige. Bígí cruthaitheach leis na maisiúcháin agus seolaigí pictiúir chuig optchoisfharráige@gmail.com. Bronnfar duais ar an mbáicéara is fearr! Tá muid ag súil go mór le bhur gcuid iarrachtaí a fheiceáil! Isteach libh sa gcisteánach!

Lá Fhéile Pádraig
Fóran Chois Fharráige na Pleanáil Teanga
Comórtas - Brioscaí Ime Lá'l Pádraig! Spáilfidh Dhiarmuid duit leis na brioscaí a dhéanamh, is féidir seamróige, hata Phádraig, nothair nó rud ar bith eile a mheabhraíonn Lá'l Pádraig duit a dhéanamh!
Seol pictiúr de do chuid brioscaí maisithe chugainn ag optchoisfharráige@gmail.com nó chuig Facebook: Pleanáil Teanga Chois Fharráige
Spríodhárta: Domhnach 21 Márta 2021

Ná déanaigí dearmad, a chairde, más rud é go bhfuil nuaíocht, scéilín nó teachtaireacht ar mhaith libh a scaipeadh linn i *Scéal, Scéal, Scéal...* is féidir teagmháil a dhéanamh le Katie nó Aoife ag 083 010 6294 nó ag optchoisfharráige@gmail.com Is féidir teagmháil a dhéanamh linn freisin má tá eolas ag teastáil uait ar aon cheann de na scéalta a luaitear anseo!

COMÓRTAS REATHA NA GAELTACHTA

Tá **Comórtas Reatha na Gaeltachta 2021** á reáchtáil ag Oifigigh Pleanála Teanga na hÉireann! Cuirfear tús leis an gcomórtas ar an 5ú Aibreán agus mairfidh sé go dtí an 3ú Bealtaine. Bronnfar Corn Raidió na Gaeltachta agus €200 ar an gceantar a n-éireoidh leis an méid is mó míleáiste a bhaint amach! Caithfear 10 gciliméadar, ar a laghad, a dhéanamh in aghaidh na seachtaine ag rith nó ag siúl. Caithfear a bheith 18 nó os cionn le páirt a ghlacadh ann. Le clárú, déan teagmháil le Katie ag optchoisfharráige@gmail.com nó ag 083 010 6294.

COMÓRTAS REATHA NA GAELTACHTA
CÉN PÓRÁL GAELTACHTA IS AGAÍ IN ÉIRINN?
5 AIBREÁN - 3 BEALTAINÉ 2021
DUIS: CORN RAIDÍO NA GAELTACHTA & €200